26 Márta 2020
Bunleibhéal

Feirm orgánach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheirm orgánach. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh an cheist thíos leis an duine in aice leat:

Cén fáth a mbeadh feirm orgánach sa nuacht de bharr an choróinvíris, dar libh?



Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. de bharr an choróinvíris
2. ráig
3. tionchar
4. tuilleadh orduithe
5. ar na bacáin
6. na hollmhargaí a sheachaint
7. caol díreach
8. éileamh
9. seachadtaí
10. gnóthach

Féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén cineál feirme atá luaite sa mhír agus cá bhfuil sí?

2. Cad a chuirtear ar an bhfeirm?

3. Cé mhéad bosca glasraí a dhíol an fheirm an tseachtain seo agus cén fáth a bhfuil sé sin suntasach?

4. Cén fáth a bhfuil éileamh ar ghlasraí traidisiúnta?

5. Cad a bhí le rá ag Úna Ní Bhroin?

6. Cén fáth ar fhostaigh *Beechlawn Farm* triúr oibrithe?

Ceist 4 An modh ordaitheach

A. Ag tabhairt orduithe do do chuid cairde:

- ✓ Abair le beirt sa rang an doras a oscailt.
- ✓ Abair leis an duine in aice leat amhrán a chanadh.
- ✓ Abair le duine eile sa rang a mhála a chur ar an mbord.
- ✓ Abair leis an duine in aice na leabhair ar an tábla a dhúnadh.
- ✓ Abair le beirt eile a n-ainmneacha a scríobh ar an gclár.

B. Ag iarraidh rud éigin ar do mhúinteoir:

Abair leis an múinteoir na nithe seo a leanas a dhéanamh. Bí cúramach, caithfidh tú a bheith an-mhúinte agus tú ag labhairt leis an múinteoir.

- an focal 'polaitíocht' a litriú.
- an fhuinneog a oscailt.
- labhairt níos moille.
- abairt a athrá.

C. Is dócha go bhfuil tú in ann mias amháin glasraí a réiteach. Abair leis an duine in aice leat conas an mhias sin a dhéanamh.

Ceist 5 '… Tá siad ag cur boscaí glasraí le chéile don phobal agus **á** ndíol leis na siopaí le blianta fada'

1. An féidir leat an síneadh fada a mhíniú sa sampla thuas?

2. Féach ar na samplaí seo thíos anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar (idir lúibíní) sna spásanna:

   - Bhí an deoch á (ól) _____ ag na mná nuair a tháinig na Gardaí.
   - Tá an dinnéar á (tabhair) _____ do na páistí anois.
   - Tá an obair á (déan) _____ faoi láthair.
   - Is mór an trua nach bhfuil na glasraí sin á (díol) _____ sa tír seo.
   - Bhí na báid á (ceangail) _____ leis an gcé nuair a tháinig muid i dtír.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil éileamh ar ghlasraí na laethanta seo, dar leat?
2. An itheann tú féin mórán glasraí? Cad iad na cinn is fearr leat?
3. Cén fáth a bhfuil níos mó veigeán sa tír ná mar a bhí deich mbliana ó shin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

1.	because of the coronavirus	*de bharr an choróinvíris*
2.	outbreak	*ráig*
3.	influence, effect	*tionchar*
4.	more orders	*tuilleadh orduithe*
5.	due, on the horizon	*ar na bacáin*
6.	to avoid na supermarkets	*na hollmhargaí a sheachaint*
7.	directly	*caol díreach*
8.	demand	*éileamh*
9.	deliveries	*seachadtaí*
10.	busy	*gnóthach (gnoitheach a dúradh)*

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

A.
Abair le beirt sa rang an doras a oscailt.
Osclaígí an doras, le bhur dtoil.
Abair leis an duine in aice leat amhrán a chanadh.
Can amhrán, le do thoil.
Abair le duine eile sa rang a mhála a chur ar an mbord.
Cuir do mhála ar an mbord, le do thoil.
Abair leis an duine in aice na leabhair ar an tábla a dhúnadh.
Dún na leabhair ar fad ar an tábla, le do thoil.
Abair le beirt eile a n-ainmneacha a scríobh ar an gclár.
Scríobhaigí bhur n-ainmneacha ar an gclár, le bhur dtoil.
B.
Ar mhiste leat an focal ‘polaitíocht’ a litriú?
An litreofá an focal ‘polaitíocht’, le do thoil?
Ar mhiste leat an fhuinneog a oscailt.
An n-osclófá an fhuinneog, más é do thoil é?
Ar mhiste leat labhairt níos moille?
An labhrófá níos moille, le do thoil?
Ar mhiste leat an abairt a athrá?
An ndéarfá an abairt arís, le do thoil?
C.
Tabhair deis do gach beirt cur síos a dhéanamh dá chéile ar oideas atá ar eolas acu.

Ceist 5

1. Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’:

   - Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. e.g. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘*doing it*’.
   - Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla: ‘Tá sé á dhéanamh (aige)’ = *It is being done (by him).*

   Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla atá le fáil sa mhír nuachta seo: ‘Tá feabhas á chur ar an gcóras.’ (*The system is being improved.*)

Tá na rialacha a bhaineann le ‘á’ cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe.
Mar shampla:

*dinnéar (firinscneach, uimhir uatha) á d**h**éanamh*
obair (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh
*scrúduithe (uimhir iolra) á **n**déanamh*

2.

3. Bhí an deoch á **hól** ag na mná nuair a tháinig na Gardaí.
4. Tá an dinnéar á **thabhairt** do na páistí anois.
5. Tá an obair á **déanamh** faoi láthair.
6. Is mór an trua nach bhfuil na glasraí sin á **ndíol** sa tír seo.
7. Bhí na báid á **gceangal** leis an gcé nuair a tháinig muid i dtír.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Anois, cé go raibh 10% dá ghnaithe[1] caillte ag feirm i nGaillimh de bharr an choróinvíris, tá a dhá oiread éilimh ar bhoscaí glasraí le seachtain anuas. Tá an fheirm orgánach tar éis triúr a chaill a bpoist de bharr an víris a fhostú.

Sinéad Ní Neachtain
Cuireann feirmeoirí atá i mbun *Beechlawn Organics Farm* i mBéal Átha na Sluaighe, i gContae na Gaillimhe, níos mó ná scór glasraí orgánacha. Ina measc tá cairéid, biatas, cabáiste, oinniúin agus sailéid. Tá siad ag cur boscaí glasraí le chéile don phobal agus á ndíol leis na siopaí le blianta fada. Chomh luath agus a bhuail ráig den choróinvíreas an tír seo, chonaic siad an tionchar a bhí aige ar a ngnó féin mar go raibh bialanna ag dúnadh agus go raibh titim 10% ar a ngnó féin dá bharr. Ach, an tseachtain seo caite in áit idir 50 agus 60 bosca glasraí a bheith díolta acu le daoine sa bpobal agus le siopaí, 120 bosca a bhí díolta acu. Agus tá tuilleadh orduithe ar na bacáin don tseachtain seo. Creideann úinéirí na feirme go bhfuil daoine ag iarraidh fanacht amach óna chéile agus na hollmhargaí a sheachaint. Tugann *Beechlawn Farm* glasraí caol díreach chuig do dhoras. Creideann siad freisin go bhfuil ardú tagtha ar an éileamh le haghaidh glasraí traidisiúnta mar go bhfuil daoine ag iarraidh glasraí as an áit agus go mbeadh a fhios acu cé as a dtáinig siad.

Úna Ní Bhroin, Beechlawn Organic Farm
Níl siad ag iarraidh dul amach an méid céanna agus tá siad ag fáil seachadtaí baile is dócha. Níl siad ag iarraidh dul amach chun bualadh le daoine, agus seans go bhfaigheadh siad an víreas. Agus, sin an fáth a bhfuil muid ag déanamh an méid sin seachadtaí baile. Agus tá daoine ag ceannach níos mó glasraí sna siopaí ionas nach gcaithfidh siad dul amach chomh minic.

Sinéad Ní Neachtain
De bharr chomh gnóthach is atá *Beechlawn* faoi láthair, tá triúr a chaill a gcuid post de bharr an víris fostaithe acu. Agus, tá siad ag tabhairt boscaí glasraí saor in aisce d'oibrithe i roinnt gnóthaí a bhíodh ag ceannach glasraí uathu roimhe seo, ach atá anois dúnta.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4

[1] *gnó* an leagan caighdeánach